

An Chomhairle  
Mhúinteoireachta



**The Teaching Council**

# Plean Straitéiseach na Comhairle Múinteoireachta 2015–2017



# Plean Straitéiseach na Comhairle Múinteoireachta 2015–2017

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht atá freagrach as caighdeáin ghairmiúla na múinteoireachta in Éirinn. Faoi na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2012 déanann sí gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialáil. Dírítear a cuid oibre ar chaighdeáin a shocrú chun tacú le caighdeáin teagaisc agus foghlama d'ár bpáistí, d'ár ndaoine óga agus d'ár bhfoghlaimeoirí fásta.

Tá sainordú na Comhairle chun gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialáil araon bunaithe ar choincheap na gcaighdeán. Tá sé de fhreagracht ar an gComhairle na caighdeáin do ghairm na múinteoireachta a shocrú, agus a fhíorú don ghairm agus don phobal go bhfuiltear ag cloí leo. Féachann sí freisin le daoine eile a chumhachtú trí chur le cothabháil agus feabhsú na gcaighdeán sin, lena n-áirítear an ghairm. Tá gach gné d'obair na Comhairle, i dtaca le cur chun cinn agus le rialáil araon, ceaptha leis na caighdeáin is airde a chinntiú i ngach céim den mhúinteoireacht agus den fhoghlaim, do gach foghlaimeoir.

# Cúlra

Agus an Chomhairle ag druidim le 10 mbliana ar an bhfód a chomóradh sa bhliain 2016, déanaimid machnamh ar an méid atá bainte amach le trí bliana anuas agus ar na luachanna agus na coincheapa a ba chóir dúinn a úsáid mar threoir dár n-obair le linn an Phlean Straitéisigh seo.

Ó bhí Eanáir 2014 ann, le tosach feidhme Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, ní mór do gach múinteoir bheith cláraithe chun tuarastal a fháil ó chistí poiblí. Ba chloch mhíle nach beag é seo don Chomhairle, agus leag sé dúshraith do thosach feidhme na codanna den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta nach raibh i bhfeidhm. Tá dul chun cinn suntasach déanta ó thaobh caighdeáin a bhunú do gach céim de ghairmréimeanna múinteoirí, lena n-áirítear tús a chur le *Droichead*, samhail thrialach nua ionduchtúcháin agus promhaidh, rialacháin nua a dhreachtú i ndáil le clárú, gach clár den oideachas tosaigh múinteoirí a athbhreithniú agus a chreidiúnú, ullmhú do Oiriúnacht don Chleachtas agus tús a chur le Comhairliúchán Náisiúnta d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach. Ó thaobh gairmiúlacht múinteoirí a chur chun cinn, tá an Chomhairle ag obair leis An gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) agus an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha (CES) ar an tionscnamh *Research Alive!*, agus muid ag féachaint le tuilleadh feabhais a chothú ar chultúr taighde a spreagfaidh múinteoirí agus a thacóidh leo i ngach a ndéanann siad.

Cé go bhfuil cuid mhór dul chun cinn déanta againn, ní mór na dúshláin leanúnacha atá romhainn sna cúinsí reatha a aithint. D'fhéadfaí a rá gurb é an dúshlán is mó na hionchais an-ard a bhíonn ag daoine as an mhúinteoireacht agus as foghlaim. Tá níos mó tuisceana á fáil ag daoine anois ar choimpléascacht na múinteoireachta, agus an bhaint atá ag sin leis an oideachas agus an tacaíocht a bhíonn de dhíth ar mhúinteoirí feadh a ngairmréime.

## Plean a fhorbairt

Tá pleanáil straitéiseach na Comhairle déanta laistigh de chreat na nAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2012. Ní mór, ach go háirithe, go ndéanfaidh an pleanáil treoir straitéiseach a sholáthar do chlárú, don mhúinteoireacht, d'fhoghlaim agus taighde, agus don inniúlacht chun teagaisc. Cuireann an Chomhairle an creat náisiúnta beartais i gcuntas freisin mar átá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Agus an plean á ullmhú don tréimhse trí bliana ó Eanáir 2015 - Nollaig 2017, chuaigh an Chomhairle i gcomhairliúchán leis na grúpaí seo a leanas:

- Páirtithe leasmhara náisiúnta, lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus Scileanna
- Comhairliúchán leis an bpobal, lena n-áirítear gairm na múinteoireachta, le linn mhí Dheireadh Fómhair 2014
- Foireann na Comhairle.

Mar an gcéanna lena cuid oibre uile, tabharfaidh an Chomhairle aird mar is cuí ar impleachtaí i ndáil le hacmhainní a chur ar fáil le linn don phlean a chur i bhfeidhm.

Ní mór don Chomhairle freisin cinnte a dhéanamh go bhfuiltear ag tacú lena forbairt eagraíochtúil agus infreastruchtúir féin agus á feabhsú go leanúnach d'fhonn aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí agus freagra a thabhairt ar na riachtanais a eascróidh thar am ar bhealach idirghníomhach.

Ba mhaith leis an Chomhairle buíochas a ghabháil leo siúd go léir a rinne aighneachtaí maidir leis an bPlean Straitéiseach.

# Réasúnaíocht agus luachanna tacaíochta

## Luachanna agus coincheapa tacaíochta

Tá obair na Comhairle bunaithe ar fhoghlaim, teagasc, caighdeáin, muinín, cáilíocht, guth, tacaíocht, dúshlán, leanúnachas agus sólúbthacht, agus feabhas leanúnach. Mar bhunús lena cuid oibre tá freagracht chomhroinnte ghairmiúil, cómhuintín ghairmiúil agus rialáil ghairmthreoraithe.

## Guth

Tá caint faoi theagasc agus faoin bhfoghlaim ag croílár phróiseas an oideachais. Mar sin de, tá guthanna na ndaoine go léir ar suim leo teagasc agus foghlaim rí-thábhachtach don Chomhairle i ndáil lena sainordú a chomhlíonadh. Tá guthanna na bhfoghlaimoirí (lena n-áirítear páistí, daoine óga agus foghlaimoirí fásta), tuismitheoirí agus múinteoirí tábhachtach ach go háirithe, ós rud é gur iadsan is mó a bhfuil baint dhíreach acu le teagasc agus le foghlaim gach lá inár scoileanna.

Cuireann guthanna páirtithe leasmhara a ainmníonn nó a thoghan comhaltáí chuig an gComhairle - múinteoirí, ceardchumainn mhúinteoirí, tuismitheoirí, bainistíocht scoile, Institiúidí Ardoideachais, an Roinn Oideachais agus Scileanna, IBEC agus ICTU - bonn eolais faoi obair na Comhairle freisin.

## Rannpháirtíocht na Comhairle le páirtithe leasmhara

Tá an Chomhairle ann chun deimhniú agus dúshlán a sholáthar. Féachann sí le tuismitheoirí agus daltaí a chur ar a suaimhneas maidir le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama a d'fhéadfadh siad a bheith ag dréim leo i scoileanna. Féachann sí le tacú leis an ngairm chun go bhféadfaidh múinteoirí na deiseanna a chuireann an obair ar fáil dóibh a thapú.

Déanann an Chomhairle a dícheall freisin dúshlán a chur faoi mhúinteoirí, tuismitheoirí, daltaí agus gach páirtí leasmhar le feabhas a chur a mbealaí chun oibriú le chéile le tuilleadh feabhais a chur ar an gcáilíocht sin thar am. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil ról aici in éascú na gcomhráití gairmiúla a bheidh riachtanach idir na páirtithe

leasmhara éagsúla leis an fhís seo a thabhairt chun críche. Tá sé ríthábhachtach, i ndáil leis sin, go bhforbrófar foclaíocht nua a léiríonn go cruinn an tuiscint níos forbartha atá againn den ghairm choimpléascach seo, agus go dtacófar leis an bhfoclaíocht sin.

Féachann an Chomhairle le feabhas leanúnach a bhaint amach i ngach a ndéanann muid.

## Tacú le gairmiúlacht múinteoirí ar mhaithe leis an bpobal

Féachann an Chomhairle Mhúinteoireachta le muinín a chothabháil agus a fheabhsú - muinín an phobail as an ngairm, chomh maith le muinín múinteoirí astu féin agus as a chéile.

Déanann an Chomhairle a dícheall tuiscint nua a fhorbairt de ghairmiúlacht ar bhealach atá fréamhaithe i dtaithe agus i saineolas na múinteoirí féin, ach a léiríonn freisin go bhfuil ionchais nua ag sochaí an lae inniu maidir le gairmithe. Ní mór go mbeadh an tuiscint sin bunaithe ar thaighde.

Tá an Chomhairle freagrach as cinnte a dhéanamh go bhfuil caighdeáin láidre le feiceáil go soiléir ag gach céim de chleachtas múinteoirí. Is é an clár an taifead reachtúil oifigiúil go bhfuil na caighdeáin arda atá leagtha amach ag an gComhairle do gach céim dá ngairm bainte amach ag múinteoirí. Déanfar na caighdeáin cleachtais seo a chothabháil agus a chothú sa seomra ranga trí fhoghlaim na múinteoirí. Cuirtear síos sa *Chód Iompair Ghairmiúil* ar conas a ba chóir do mhúinteoirí an méid atá foghlamtha acu agus atá á fhoghlaim acu a chur i bhfeidhm ar a gcleachtas gairmiúil.

Tá cáilíocht, ábharthacht don chleachtas agus d'fhoghlaim dhaltaí, comhleanúnachas caighdeáin agus meascán de chuir chuige i measc sainmharcanna foghlama múinteoirí. Tá freagracht againn go léir meas a bheith againn ar fhoghlaim múinteoirí, aitheantas a thabhairt di agus tacú léi. Tá foghlaim ghairmiúil ina príomhghné ag creat caighdeáin gach gairm. Bíonn spás agus am de dhíth ar fhoghlaim múinteoirí agus ba chóir go dtacófar léi agus go mbeadh sí bunaithe ar thaighde. Tá príomhról ag oideoirí múinteoirí i dtaca le tacú le foghlaim múinteoirí agus í a threorú.

# Taighde, Cleachtas Athmhachnaimh, Caidrimh

Bíonn gach rud a dhéanann an Chomhairle dírithe ar theagasc agus ar fhoghlaim. Is é an aidhm a bhíonn leis go mbeidh an t-eispéireas oideachais is fearr agus is féidir ag daltaí i scoileanna. Is mar an gcéanna é do ghairm na múinteoireachta.

Is iad Taighde, Cleachtas Athmhachnaimh agus Caidrimh trí phríomhthaca na Comhairle agus na gairme i ndáil leis an obair seo. Tacaíonn siad le cuspóirí straitéiseacha na Comhairle ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear:

- Tá siad riachtanach chun tacú le foghlaim múinteoirí agus le forbairt polasaí inbhuanaithe.
- Eascaíonn siad fócas dian ar chaighdeáin arda agus ar fheabhas leanúnach ar na caighdeáin sin. Tacaíonn siad leis an ngairm freisin ó thaobh na caighdeáin sin a bhaint amach ina gcleachtas laethúil ag gach céim d'oideachas múinteoirí.

## Taighde



Tá an taighde a dhéanann múinteoirí, agus taighde a dhéantar do mhúinteoirí, ríthábhachtach chun tacú lena bhfoghlaim agus lena gcleachtas mar ghairmithe. Brathann obair na Comhairle ar thaighde chun go ndéanfar na cinntí is fearr agus is féidir ar mhaithe le teagasc agus foghlaim.



## Cleachtas athmhachnaimh

Tá cleachtas athmhachnaimh riachtanach do gach múinteoir agus do mhúinteoirí mar phobal foghlama gairmiúil, chun cur ar chumas ghairmithe na cinntí is fearr a dhéanamh ar mhaithe lena gcuid mic léinn. Is mar seo a dhéanfar múinteoirí a chothabháil mar dhaoine chomh maith le gairmithe. Mar eagraíocht foghlama, baineann an Chomhairle leas as cleachtas athmhachnaimh d'fhonn cabhrú linn na cinntí is fearr is féidir a dhéanamh ar mhaithe leis an ngairm, le tuismitheoirí, le daltaí agus leis an bpobal i gcoitinne.



## Caidrimh

*“Is ionann foghlaim agus caidrimh a thuiscint.”*

(George Washington Carver)

Tugtar teagasc agus foghlaim chun beatha trí chaidrimh dhearfacha chuiditheacha. Brathann caighdeán oibre na Comhairle ar cháilíocht a caidrimh le páirtithe eile.

# Cuspóirí straitéiseacha

Cé go mbeidh pleananna gníomhaíochta na Comhairle do na trí bliana amach romhainn bunaithe ar na cuspóirí straitéiseacha seo a leanas, roghnaíodh gach cuspóir mar gheall ar a gcumas smaointeoireacht agus forbairt pholasaí na Comhairle a threorú sa tréimhse tar éis 2017.

Aithníonn an Chomhairle riachtanais leanúnacha na hearnála Gaeilge, lena n-áirítear teagasc na Gaeilge, i ndáil le gníomhaíochtaí a aithint chun éifeacht a thabhairt do na cuspóirí straitéiseacha le linn shaolré an phlean.

## 1

Oibriú leis an ngairm, leis an bpobal agus leis na páirtithe leasmhara uile chun cultúr foghlama comhroinnte a chur chun cinn ina ndéanfar taighde agus cleachtas treorach a spreagadh agus a chur i bhfeidhm sa seomra ranga.

### Fágfaidh seo:

- Go n-éascófar cumarsáid, comhoibriú agus rannpháirtíocht le múinteoirí agus leis an bpobal agus eatarthu freisin.
- Go sainaithneofar bealaí nuálacha cumarsáide agus rannpháirtíochta.
- Go rachfar i gcomhairle leis an ngairm chun tacú le sainaithint tosaíochtaí taighde, agus go dtacófar leis an ngairm trí dhul i ngleic go h-athmhachnamhach leis an taighde sin.

## 2

Caighdeáin threoracha a fhorbairt agus a chur chun cinn d'oidreachas agus cleachtas múinteoirí agus cinntiú go mbainfear na caighdeáin sin amach trí phróisis chláraithe éifeachtacha.

### Fágfaidh seo:

- Go ndéanfar athbhreithniú leanúnach, agus creidiúnú nuair is cuí, ar chláir oideachais tosaigh múinteoirí.
- Go gcuirfear samhail leasaithe ionduchtúcháin agus promhaidh i bhfeidhm, bunaithe ar an méid a foghlaimíodh ón triail *Droichead*.
- Go bhforbrófar creat náisiúnta d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach.
- Go ndeimhneofar na caighdeáin ag gach céim de ghairmeacha múinteoirí trí chothabháil leanúnach de chláir slán, iontaofa múinteoirí.

# TAIGHDE CLEACHTAS ATHMHACHNAIMH CAIDRIMH

## 3

Feabhas a threorú ar chultúr foghlama gairmiúil, lena n-áirítear creat náisiúnta d'fhoghlaim ghairmiúil leanúnach don mhúinteoireacht.

### Fágfaidh seo:

- Go rachfar i gcomhairle leis an ngairm agus leis na páirtithe leasmhara uile chun tacú le creat náisiúnta FGL a fhorbairt.
- Go n-oibreofar go réamhghníomhach leis an ngairm agus leis na páirtithe leasmhara uile chun tionchar FGL ar cháilíocht teagaisc agus foghlama a fheabhsú.

## 4

Cinnteacht a dhéanamh go gcuirfidh forbairt na bpróiseas a bhaineann le hOiriúnacht don Chleachtas le muinín an phobail as an ngairm.

### Fágfaidh seo:

- Go mbeidh fiosrúcháin agus tátail i ndáil le hOiriúnacht don Chleachtas neamhchlaonta, neamhlaofa agus i gcomhréir.
- Go bhforbrófar nósanna imeachta i dtaca le hOiriúnacht don Chleachtas a aithneoidh, nuair is cuí, an tábhacht a bhaineann le saincheisteanna a réiteach ag leibhéal na scoile.
- Go bhforbrófar treoirínte soiléire lena míneofar na próisis le haghaidh gearáin agus fiosrúcháin agus lena dtabharfar achoimre ar chearta agus freagrachtaí gach rannpháirtí ag gach céim den phróiseas agus go gcuirfear na treoirínte sin in iúl do mhúinteoirí, do cheannairí scoile agus don phobal go leanúnach.

An Chomhairle  
Mhúinteoireachta



**The Teaching Council**

---